Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education**

**Uimhir Lárionaid**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**Uimhir Iarrthóra**

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

# Tíreolaíocht

Aonad 2

Maireachtáil ar an Domhan Againn

*GGY21*

**[GGY21]**

**Measúnú**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**Leibhéal Rialaithe an Mheasúnaithe**
**Ticeáil an bosca ábhartha (✓)**

| | |
|---|---|
| Coinníollacha Rialaithe | |
| Eile | |

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach nó ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **ceithre** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **1(d)(ii)**, **3(d)** agus **4(d)**.

## Téama A: Daonra agus Imirce


1 **(a)** Meaitseáil gach téarma tíreolaíoch leis an tsainmhíniú cheart ar athrú daonra le **Tábla 1** a chomhlánú. Tá ceann amháin comhlánaithe duit.

**Tábla 1**

| Téarma tíreolaíoch | Sainmhíniú ar athrú daonra |
|---|---|
| Garbhráta beireatais ● | ● Nuair atá an ráta básmhaireachta níos airde ná an ráta beireatais |
| Méadú nádúrtha ● | ● Nuair atá an ráta beireatais níos airde ná an ráta básmhaireachta |
| Laghdú nádúrtha ● | ● Líon iomlán na mbreitheanna beo sa mhíle den daonra, gach bliain |

[2]

**(b)** Déan staidéar ar **Fhíor 1** a thaispeánann athruithe ar líon na mbreitheanna agus na mbásanna i dTuaisceart Éireann ó 1965 go 2015. Freagair na ceisteanna a leanann.




*"Source: NISRA: Website: www.nisra.gov.uk" © Crown Copyright*

**Fíor 1**

12386.02

*24GGY2102*

**(i)** Cuir líne faoin bhliain ina raibh an difríocht ab ísle idir an líon básanna agus an líon breitheanna.


**1965** **2000** **2015** [1]

**(ii)** Cuir síos ar phatrún na mbreitheanna agus na mbásanna i dTuaisceart Éireann idir 1965 agus 2015 atá ar taispeáint i **bhFíor 1**.

[5]

**[Tiontaigh an leathanach**

**(c)** Déan staidéar ar **Fhíor 2** a thaispeánann pirimid daonra don tSeapáin, ar TNFG (*MEDC*) í atá suite san Áise, agus do Shead, ar TBFG (*LEDC*) é atá suite san Afraic Láir. Freagair na ceisteanna a leanann.




© *United States Census Bureau*

**Fíor 2**

**(i)** Bain úsáid as an fhaisnéis seo a leanas leis an phirimid do Shead a chomhlánú.

| | |
|---|---|
| Fireannaigh 15 – 19 mbliana d'aois | 0.8 milliún |

[2]

**(ii)** Cuir síos ar **dhá** dhifríocht i gcruth na bpirimidí daonra don tSeapáin agus do Shead sa bhliain 2018.

[6]

Spás Breise:

**[Tiontaigh an leathanach**

**(d)** Rinne líonta móra dídeanaithe iarracht bogadh óna dtíortha féin le bheith ina gcónaí san Eoraip.

**(i)** Cuir síos ar thoisc bhrú **amháin** a mhíneodh an ghluaiseacht seo isteach san Eoraip.

Toisc bhrú: ______________________________ [1]

Cur síos: ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(ii)** Agus tagairt á déanamh agat do do chás-staidéar ar imirce, pléigh dúshlán **amháin** roimh dhídeanaithe agus dúshlán **amháin** roimh an tír cinn scríbe.

[6]

Spás Breise:

**[Tiontaigh an leathanach**

## Téama B: Limistéir Uirbeacha atá ag Athrú

**2** **(a)** Déan staidéar ar **Fhíor 3** ar grianghraf é de thalamhúsáid thipiciúil san imeall thuathuirbeach. Freagair na ceisteanna a leanann.




*© Examiner*

**Fíor 3**

**(i)** Cuir líne faoin talamhúsáid atá ar taispeáint i **bhFíor 3**.

**talamh feirme** **saoráid athchúrsála** **scéim páirceála agus taistil** [1]

**(ii)** Luaigh suíomh an imill thuathuirbigh.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(iii)** Sainaithin **dhá** thalamhúsáid ata le fáil san imeall thuathuirbeach seachas iad siúd atá ainmnithe in **(a)(i)**.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ [2]

**(b)** Bíonn criosanna difriúla talamhúsáide ag limistéir uirbeacha. Tarraing saigheada lena thaispeáint cad iad na saintréithe tipiciúla den LCG (*CBD*) agus cad iad na saintréithe tipiciúla de na bruachbhailte, le **Tábla 2** a chomhlánú. Tá ceann amháin comhlánaithe duit.

**Tábla 2**

| **LCG** | **Saintréith** | **Bruachbhailte** |
|---|---|---|
| | Gairdíní móra ⟶ | ⟶ |
| | Foirgnimh arda | |
| | Tithe scoite agus bungalónna | |
| | Sráideanna do choisithe amháin | |

[3]

**(c)** Luaigh an chiall atá leis an téarma **uaisliú**.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

12386.02

**[Tiontaigh an leathanach**

**(d)** Cuir síos ar **dhá** dhóigh ar féidir le meascán de dhaoine ó chultúir éagsúla cur le teannais eitneacha i gceantair ionchathrach de TNFGanna (*MEDCs*). Ba chóir duit tagairt a dhéanamh d'áit, nó d'áiteanna, i do fhreagra.

[6]

Spás Breise:

**(e)** Agus ionchathair ainmnithe de chuid TNFG a ndearna tú staidéar uirthi i gceist, mínigh an dóigh ar fheabhsaigh scéim pleanála uirbí cúrsaí iompair sa limistéar.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [3]

**(f)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fháth leis an fhás ghasta ar limistéir baile seantán in TBFGanna (*LEDCs*).

1. ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

2. ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [4]

**(ii)** Cuir síos ar shaintréithe limistéar baile seantán i gcathair ainmnithe TBFG a ndearna tú staidéar uirthi.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [3]

**[Tiontaigh an leathanach**

## Téama C: Codarsnachtaí i bhForbairt an Domhain

**3** **(a)** Baintear úsáid as táscairí sóisialta agus eacnamaíocha den fhorbairt le forbairt tíortha trasna an domhain a chur i gcomparáid. Déan staidéar ar **Thábla 3** agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Tábla 3**

| **Tír** | **Ionchas saoil ag an bhreith (ina bhlianta)** | **OTI (*GDP*) *per capita* ($)** | **Ráta beireatais (breitheanna sa 1000)** |
|---|---|---|---|
| an Ríocht Aontaithe | 81 | 44,100 | 12 |
| an Astráil | 82 | 50,400 | 12 |
| an Chéinia | 64 | 3,500 | 24 |
| an Nígir | 56 | 1,200 | 44 |
| an Bhrasaíl | 74 | 15,600 | 14 |

*The World Factbook 2021. Washington, DC: Central Intelligence Agency, 2021.*
*https://www.cia.gov/the-world-factbook/*

**(i)** **Tábla 3** in úsáid agat, luaigh táscaire sóisialta **amháin** agus táscaire eacnamaíoch **amháin** den fhorbairt.

Sóisialta

______________________________ [1]

Eacnamaíoch

______________________________ [1]

**(ii)** Scríobh **Fíor** nó **Bréagach** in aice leis na ráitis ar fhorbairt le **Tábla 4** a chomhlánú. Tá ceann amháin comhlánaithe duit.

**Tábla 4**

| Ráiteas | Fíor/Bréagach |
|---|---|
| Is TBFG (*LEDC*) í an Astráil | **Bréagach** |
| Is é $49, 100 an difríocht in OTI *per capita* idir an Nígir agus an Astráil | |
| Tá an ráta beireatais is airde ag an Nígir | |
| Is tír *BRICS* í an Bhrasaíl | |
| Tá ionchas saoil níos giorra ag daoine in TBFGanna | |

[4]

**(iii)** Luaigh an chiall atá leis an téarma **Bearna Forbartha**.

[2]

**(iv)** **Tábla 3** thall in úsáid agat, mínigh cad chuige a meastar gur TNFG (*MEDC*) í an Ríocht Aontaithe.

[3]

**[Tiontaigh an leathanach**

**(b)** Tá lear tosca ann a dtig leo bac a chur ar fhorbairt in TBFG.

Mínigh an dóigh a dtig le fiacha bac a chur ar fhorbairt. Ba chóir duit tagairt a dhéanamh do TBFG i do fhreagra.

[4]

**(c)** Táthar i ndiaidh spriocanna forbartha inbhuanaithe a shainaithint leis an bhearna forbartha a laghdú. Comhlánaigh **Tábla 5** le trí cinn eile de spriocanna forbartha a shainaithint trí thic (✓) a chur in aice leis na ceannteidil chearta. Tá ceann amháin comhlánaithe duit.

**Tábla 5**

| Sprioc forbartha | Ticeáil (✓) trí cheannteideal chearta eile |
|---|---|
| Gan bochtanas ar bith | ✓ |
| Obair fhiúntach agus fás eacnamaíoch | |
| Deireadh a chur le hathrú aeráide | |
| Comhionannas inscne | |
| Beatha faoin uisce | |
| Lonnaíochtaí inbhuanaithe | |

[3]

**(d)** Tír *BRICS* a ndearna tú staidéar uirthi, luacháil an dóigh a dtig le domhandú cuidiú le forbairt inti, agus bac a chur le forbairt inti, araon.


Ainm thír *BRICS* ____________________

[7]

Spás Breise:

## Téama D: An Timpeallacht Againn a Bhainistiú

**4 (a)** Déan staidéar ar **Fhíor 4** a thaispeánann rátaí athchúrsála trasna na Ríochta Aontaithe (RA). Freagair na ceisteanna a leanann.




*From 'UK Statistics on Waste' by Department for Environment, Food & Rural Affairs © Crown copyright 2021*
*www.nationalarchives.gov.uk/doc/open-government-licence/version/3/*

**Fíor 4**

**(i)** Ainmnigh an tír a bhfuil an sprioc don athchúrsáil sa Ríocht Aontaithe bainte amach aici.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh **dhá** mhodh, seachas athchúrsáil, le plé le dramhaíl mar a luaitear iad in ord na réiteach dramhaíola.

1. _______________________________________________

2. _______________________________________________ [2]

**(iii)** An fhaisnéis ó **Fhíor 4** in úsáid agat, cuir líne faoin fhreagra cheart sna ráitis thíos. Tá ceann amháin comhlánaithe duit.

- Tá rátaí athchúrsála **ag méadú / ag laghdú** in Albain gach bliain.
- Ba é **44% / 55%** an ráta athchúrsála i Sasana sa bhliain 2016.
- Sa bhliain 2010, bhí ráta athchúrsála de **40% / 50%** ag an Ríocht Aontaithe.
- Bíonn ráta athchúrsála **níos airde / níos ísle** ag Tuaisceart Éireann gach bliain ná a bhíonn ag Sasana.
- Ó 2014 go 2015 bhí laghdú ar an ráta athchúrsála ag **Sasana / Albain**. [4]

**[Tiontaigh an leathanach**

**(b)** **(i)** Comhlánaigh **Tábla 6**, a thaispeánann foinsí difriúla fuinnimh, trí thic (✓) a chur in aice leis an **dá** fhoinse in-athnuaite fuinnimh.

**Tábla 6**

| Foinse fuinnimh | In-athnuaite |
|---|---|
| Gás | |
| Gaoth | |
| Bithbhreosla | |
| Ola | |

[2]

**(ii)** Luaigh an chiall atá leis an téarma **bithbhreosla**.


______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(iii)** Déan staidéar ar **Fhíor 5** a thaispeánann táirgeadh iomlán an bhithbhreosla do lear tíortha. Freagair an cheist a leanann.




© Examiner


**Fíor 5**

Tarraing an barra le táirgeadh bithbhreoslaí don Mhalaeisia a léiriú, le **Fíor 5** a chomhlánú.

| | |
|---|---|
| an Mhalaeisia | 50 (míle bairille sa lá) |

[2]

**(c)** Tá an méid dé-ocsaíde carbóin san atmaisféar againn ag méadú. Déan staidéar ar **Fhíor 6** a thaispeánann méid astuithe an duine de dhé-ocsaíd charbóin. Freagair an cheist a leanann.




*Figures to create map are from Net Zero Tracker. Energy and Climate Intelligence Unit, Data-Driven EnviroLab, NewClimate Institute, Oxford Net Zero. 2021.*
*Map created by Our World in Data https://ourworldindata.org/co2-and-other-greenhouse-gas-emissions © Creative Commons BY license*

**Fíor 6**

**(i)** Comhlánaigh **Fíor 6** le hastuithe an duine de dhé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) a thaispeáint do SAM agus don tSín.

[2]

**(ii)** Is gás ceaptha teasa í dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$). Mínigh an dóigh a gcuireann $CO_2$ le hathrú aeráide.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

_________________________________________________________________ [3]

**[Tiontaigh an leathanach**

**(d)** Cuir síos ar an Chomhaontú Idirnáisiúnta um Athrú Aeráide 2015 agus déan é a luacháil.

[7]

Spás Breise:

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| **Marc Iomlán** | |

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

12386.02/1